

# Eleathanach253

Dé Luain 6 Feabhra 2017

## An Rugbaí Idirnáisiúnta ar siúl arís

Cuireadh tús le comórtas idirnáisiúnta an rugbaí, Craobh na Sé Náisiún 2017, an deireadh seachtaine seo.

Dé hAoine bhuaigh foireann Mhná na hÉireann ar na hAlbanaigh leis an scór 15-22, agus bhí bua freisin ag na stócaigh faoi 20 bliain leis an scór 19-20.

Ar an drochuair, áfach, níor imir foireann shinsearach na bhfear go maith agus chaill siad a gcluiche i nDún Éideann 27-22.



## Óró mo Bháidín ...

Dé Céadaoin seo caite bhain Gavan Hennigan curiarracht nua amach - thrasnaigh sé an tAtlantach i mbád aonair. Níor thóg sé ach 49 lá go leith air chun é a dhéanamh.

Is as Gaillimh do Gavan agus is aoibhinn leis an fharraige. Tá sé 35 bliain d'aois.



Bhí sé ag glacadh páirte i rás rámháiochta Talisker Whiskey Atlantic Challenge. Tháinig sé sa tríú háit, ach rinne sé an turas farraige sin níos tapúla ná aon Éireannach eile roimhe. Tá laoch nua ag Éirinn.

## Bliain Nua na gCeilteach!

Le tamall anuas bíonn sé níos gile ar maidin agus muid ag dul ar scoil. Bíonn sé geal tráthnóna freisin, suas go dtí 5:15, b'fhéidir. Bíonn na héin le cloisteáil maidin agus tráthnóna freisin, agus bíonn an plúirín sneachta agus an cróch le feiceáil freisin.

Go traidisiúnta anseo in Éirinn glacaimid leis go dtosaíonn an t-earrach ar an gcéad lá d'Fheabhra. Sin Lá Fhéile Bríde.

Rugadh Naomh Bríd i gCill Dara. Tá a lán scéalta fúithi. Go fóill déanann daoine croiseanna Bhríde. Cuirtear os cionn an dorais iad agus creidtear gur rud ádhúil é don duine nó don ainmí siúl fúthu.



Seo é an Bongó nua i Zú Bhaile Átha Cliath!

## Bongó beag bídeach i Zú Bhaile Átha Cliath

Is ainmí i mbaol é an bongó - níl mórán acu fágtha ar fud an domhain inniu. Maraíonn sealgairí iad mar is maith leo a n-adharca agus a bhfeoil.

Is í an Chéinia áit dhúchais an bhongó. Níl ach cúig bhongó is seachtó ina gcónaí ann san fhiántas anois.

Ach an tseachtain seo caite chualamar dea-scéala. Rugadh bongó beag i Zú Bhaile Átha Cliath. Seo an dara breith ann le dhá bhliain. Ní fios fós an ceann fireann nó baineann é, ach tá an bongó beag an-sláintiúil agus sona sásta leis an saol in Éirinn. Anois tá cúig bhongó sa tréad ag an zú.